# Clár Vacsaínithe Scoile 4 in 1 agus Teanndáileog MMR do Pháistí sna Naíonáin Sóisearacha



**Ainm:** ______________________________

**Dáta:** __ __ / __ __ / __ __ __ __ **Am an vacsaínithe:** __ __ / __ __

**Tugadh na vacsaíní seo a leanas dod' pháiste inniu**

**4 in 1** ☐ SCIATHÁN CLÉ ☐ SCIATHÁN DEAS **MMR** ☐ SCIATHÁN CLÉ ☐ SCIATHÁN DEAS

## I measc na bhfrithghníomhuithe a d'fhéadfaí a bheith ag súil leo tar éis na vacsaíní seo tá

- Fiabhras séimh.
- Tinneas, at agus deirge san áit ar tugadh an t-instealladh. In amanna, d'fhéadfaí go mbeadh an sciathán ata ón ghualainn go dtí an uillinn i ndiaidh na vacsaíne 4 in 1. Tarlaíonn sé seo, de ghnáth, laistigh de 2 lá ón uair a thugtar an vacsaíniú agus tagann biseach air thar thréimhse 4-5 lá. Níl gá le hantaibheathaigh chun an frithghníomhú logánta seo a chóireáil.

## Tar éis an vacsaínithe MMR

- D'fhéadfadh roinnt pháistí an 'bhrúitíneach bheag' a tholg le gríos craicinn agus fiabhras 6 go 10 lá i ndiaidh an insteallta.
- Go hannamh, d'fhéadfadh páistí an 'leicneach bheag' a tholg le h-at sa ngiall sa tríú seachtain i ndiaidh an insteallta.

Níl siad seo tógálach.

**D'fhéadfá paraicéiteamól nó iobúpróifein a thabhairt dod' pháiste chun faoiseamh a thabhairt ar phianta nó chun an fiabhras a ísliú.**

Má tá imní ort faoi do pháiste, is féidir leat dul i dteagmháil leis an bhfoireann vacsaínithe scoile le linn uaireanta oifige, Luan go hAoine ar

Má theastaíonn comhairle leighis uait lasmuigh de na huaireanta seo, déan teagmháil le do Dhochtúir Teaghlaigh le do thoil. Tabharfar taifead de vacsaíní do pháiste duit nuair a bheidh siad ar fad faighte. **Coinnigh an taifead seo sábháilte.**

Tugadh na vacsaíní seo a leanas dod' pháiste inniu:

Tetravac ☐ MMRVaxPro ☐ Priorix ☐

06/2022



**Tá tuilleadh eolais ar fáil ar: www.immunisation.ie**

**Chomh maith leis sin, gheobhaidh tú naisc leis na bileoga eolais d'othair le haghaidh na vacsaíní ag www.hpra.ie. Cuardaigh Tetravac (4 in 1), Priorix nó MMRVaxPro (MMR) chun an bhileog eolais chuí d'othair a léamh.**